

## Seiclíosta: Ag Réiteach do Champa

Polasaithe & Nósanna Imeachta	Áiseanna & Trealamh	Oiliúint
Duine ainmnithe:	Duine ainmnithe:	Duine ainmnithe:
<input type="checkbox"/> Cinntiú go bhfuil foireann an champa ar an eolas faoi na treoirlínte sláinte poiblí is deireanaí atá i bhfeidhm	Plean / seiclíosta trealamh / áiseanna glantacháin chun go mbeidh dóthain do na nithe seo a leanas ar fáil: <ul style="list-style-type: none"> <li><input type="checkbox"/> gallúnach</li> <li><input type="checkbox"/> ábhar díghalraithe lámh</li> <li><input type="checkbox"/> páipéar lámha</li> <li><input type="checkbox"/> ciarsúir frithbhaictéaracha</li> <li><input type="checkbox"/> ábhar glantacháin &amp; díghalraithe</li> <li><input type="checkbox"/> boscaí bruscair</li> <li><input type="checkbox"/> mála &amp; PPE Garchabhair ar leith</li> <li><input type="checkbox"/> mascanna aghaidhe</li> <li><input type="checkbox"/> aon rud eile: _____</li> </ul>	<input type="checkbox"/> Gach cinnire ar an eolas faoi chomharthaí sóirt Covid-19  <input type="checkbox"/> Gach cinnire ar an eolas faoi na treoirlínte sláinte poiblí is deireanaí
<input type="checkbox"/> Cinnire amháin a cheapadh mar Oifigeach Covid-19	Sceideal glantacháin rialta a leagan amach, le haird ar leith ar: <ul style="list-style-type: none"> <li><input type="checkbox"/> leithris</li> <li><input type="checkbox"/> doirse</li> <li><input type="checkbox"/> trealamh (spóirt, cluichí srl)</li> <li><input type="checkbox"/> áon dhromchla a leagtar lámh air go rialta</li> </ul>	<input type="checkbox"/> Clár oiliúna ar-líne déanta ag an Oifigeach Covid-19  <input type="checkbox"/> Tuigeann an Oifigeach Covid-19 na dualgais atá air / uirthi  <input type="checkbox"/> Gach cinnire ar an eolas faoin Oifigeach Covid-19
<input type="checkbox"/> Cinntiú go bhfuil a fhios ag cinnirí eile, tuismitheoirí & daoine ábhartha eile cé hé/hí an Oifigeach Covid-19 & sonraí teagmhála an Oifigigh acu	<input type="checkbox"/> Cinntiú go mbeidh ábhar glantacháin & díghalraithe á stóráil go sábháilte	<input type="checkbox"/> Tuismitheoirí / caomhnóirí a chur ar an eolas faoi chomharthaí Covid-19

<input type="checkbox"/> Cinntiú go bhfuil a fhios ag cinnirí gur cheart dóibh fanacht sa mbaile ma bhraitheann siad tinn & cinnire eile a bheith ar fáil má theastaíonn	<input type="checkbox"/> Treoracha feiceallach (m.sh. téip ar an urlár) chun tacú le scaradh sóisialta	<input type="checkbox"/> Bealaí chun páistí a chur ar an eolas faoi chomharthaí Covid-19
<input type="checkbox"/> Cinntiú go mbeidh páistí i ngrúpaí (15 uasmhéid) i rith an champa	<input type="checkbox"/> Má bhíonn áit suí / cathaoireacha i gceist, iad a leagan amach sa gcaoi go mbeidh siad 2 mhéadar óna chéile	<input type="checkbox"/> Bealaí chun páistí a spreagadh lena lámha a nigh go minic & mar is ceart
<input type="checkbox"/> Cinntiú go mbeidh na cinnirí céanna leis na grúpaí an t-am ar fad	<input type="checkbox"/> Aer úr a scaoileadh isteach i láthair taobh istigh chomh minic & is féidir (fuinneoga / doirse a choinneáil oscailte)	<input type="checkbox"/> Bealaí chun páistí a spreagadh le dea-shláinteachas riospráide a chleachtadh
<input type="checkbox"/> Pleanáil le go mbeidh na grúpaí páistí éagsúla ag ithe lóin ag amanna éagsúla, nó páistí a scaipeadh amach ar an láthair ag am lóin	<input type="checkbox"/> Pleanáil sa gcaoi nach mbeidh trealaimh á roinnt idir pháistí / cinnirí	<input type="checkbox"/> Plean le haghaidh scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm ar an gcampa & seo a chur ina luí ar na páistí
<input type="checkbox"/> Plean le haghaidh páistí a fhágáil ag an gcampaí & iad a bhailiú arís ag amanna difirúil (30 nóiméad do seo ar maidin & arís tráthnóna?)	<input type="checkbox"/> Cumarsáid & socruithe soiléir le grúpaí eile a bhíonn ag úsáid láthair an champa ag amanna eile i rith seachtain an champa	<input type="checkbox"/> Cinnirí an champa ar fad a thraenáil faoi na socruithe nua Covid-19
<input type="checkbox"/> Córas chun déileáil le páiste nó cinnire a bheith tinn / comharthaí Covid-19 ag teacht orthu i rith an champa		
<input type="checkbox"/> Córas le haghaidh páiste / cinnire a thabhairt chuig ionad sláinte nó ospidéal má theastaíonn i gcás tinnis / timpiste		
<input type="checkbox"/> Plean conas Garchabhair a láimhseáil go		

sábháilte má theastaíonn i rith an champa		
Aon ní ábharach eile: <hr/>	Aon ní ábharach eile: <hr/>	Aon ní ábharach eile: <hr/>

## Seiclíosta: Cumarsáid & Eolas

Cumarsáid ar Champa & le Tuismitheoirí	Cuairteoirí, Turais, Spóirt
<p style="text-align: center;">Duine atá Freagrach:</p> <p style="text-align: center;">_____</p>	<p style="text-align: center;">Duine atá Freagrach:</p> <p style="text-align: center;">_____</p>
<p>Comharthaí &amp; Póstaeir Covid-19 le feiceáil ar láthair an champa, &amp; go háirithe ag:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li><input type="checkbox"/> bealach isteach &amp; amach</li> <li><input type="checkbox"/> leithris</li> <li><input type="checkbox"/> áit ithe</li> <li><input type="checkbox"/> aon áit eile: _____</li> </ul>	<p><input type="checkbox"/> Cosc ar aon duine nach bhfuil ag obair nó ag freastal ar an gcampa bheith ar an láthair</p>
<p><input type="checkbox"/> Gach cinnire &amp; tuismitheoir / caomhnóir gach páiste a chur ar an eolas cén áit a bhfuil tuilleadh eolais ar fáil faoi Covid-19</p>	<p><input type="checkbox"/> Gan turais go láthair eile mar chuid d'imeachtaí an champa</p>
<p><input type="checkbox"/> Gach cinnire &amp; gach tuismitheoir / caomhnóir ar an eolas faoin nós imeachta i gcás páiste ag éirí tinn / gortú / timpiste le linn an champa</p>	<p><input type="checkbox"/> Imeachtaí taobh amuigh faoin aer I gcónaí</p>
	<p><input type="checkbox"/> Má bhíonn spóirt i gceist, déan cinnte nach mbeidh teagmháil fisiciúil ag na bpáistí / imreoirí le chéile</p>
<p style="text-align: center;">Aon ní ábharach eile:</p> <p style="text-align: center;">_____</p>	<p style="text-align: center;">Aon ní ábharach eile:</p> <p style="text-align: center;">_____</p>

## Seiclíosta: Ullmhúcháin Laethúil

Polasáí / Nósanna Imeachta	Glanadh Laethúil
Duine atá Freagrach:	Duine atá Freagrach:
<input type="checkbox"/> Seiceáil laethúil sláinte (teocht na bpáistí & cinnirí a sheiceáil más gá, logáil asláithreachais de bharr tinnis srl)	<input type="checkbox"/> Sceideal glantacháin laethúil leagtha amach & á chur i bhfeidhm
<input type="checkbox"/> Cinntiú go bhfuil na páistí & na cinnirí céanna sna grúpaí céanna gach lá	<input type="checkbox"/> Seiceáil an mhéid gallúnaí, díghalrú lámha, ábhar glantacháin & díghalraithe atá ar fáil ag tús gach lae, agus tuilleadh a fháil más gá
<input type="checkbox"/> Cinntiú go bhfuil scaradh sóisialta i bhfeidhm i rith an ama gach lá	<input type="checkbox"/> Cinntiú go bhfuil scaradh sóisialta i bhfeidhm i rith an ama
<input type="checkbox"/> Cinntiú go mbeidh nithe pearsanta na bpáistí ar nós málaí, éadach, boscaí lóin srl á leagan in áit ar leith, & nach mbeidh siad ar fad caite sa mullach ar a chéile	<input type="checkbox"/> Cinntiú go bhfuil neart boscaí bruscair ar fáil, go bhfuil bruscair á mbailiú go minic & go bhfuiltear ag fáil réidh leis go sábháilte, agus go bhfuil miotóga á gcaitheamh ag an nduine atá ag bailiú / fáil réidh le bruscar
<input type="checkbox"/> Amanna éagsúla leagtha amach do ghrúpaí éagsúla le haghaidh lóin	<input type="checkbox"/> Cinntiú go bhfuil ábhar glantacháin & díghalraithe á stóráil go sábháilte
<input type="checkbox"/> Scaradh sóisialta i bhfeidhm i rith am lóin	<input type="checkbox"/> Cinntiú go mbeidh dromchlaí a leagtar lámha orthu go minic á ndíghalrú go rialta (murláin dorais, laisc solais srl)
<input type="checkbox"/> Treisiú ar na lámha a nigh go minic agus go maith leis na páistí	<input type="checkbox"/> Cinntiú go bhfuil trealamh le haghaidh spóirt, cluichí srl á ndíghalrú tar éis chuile úsáide

<input type="checkbox"/> Treisiú ar dhea-shláinteachas riospráide go minic leis na bpáistí	<input type="checkbox"/> Cinntiú go bhfuil dóthain trealaimh ar fáil le nach mbeidh páistí á Roinnt
	<input type="checkbox"/> Cinntiú go mbeidh doirse agus fuinneoga oscailte chomh minic agus is féidir chun aer úr a scaoileadh timpeall ar láthair taobh istigh (m.sh leithris)
Aon ní ábharach eile: _____	Aon ní ábharach eile: _____

## Seiclíosta: Cás Tinnis ar an gCampa

Sula Tharlaíonn Cás Tinnis	Má Tharlaíonn Cás Tinnis	Tar Éis Cás Tinnis
Duine atá Freagrach:	Duine atá Freagrach:	Duine atá Freagrach:
<input type="checkbox"/> Déan cinnte go mbeidh a fhios ag tuismitheoirí / caomhnóirí agus cinnirí nach ceart d0 dhuine teacht chuig an gcampa má bhraitheann siad tinn	<input type="checkbox"/> Cur an páiste / cinnire atá tinn san áit ar leith atá leagtha amach do seo ar an bpointe	<input type="checkbox"/> Ná húsáid an áit atá leagtha amach do chás tinnis ar feadh 24 uair an chlog tar éis cás tinnis tarlú más féidir
<input type="checkbox"/> Déan cinnte go bhfuil áit ar leith leagtha amach do pháiste nó do chinnire a éiríonn tinn le linn an champa agus go bhfuil gach cinnire ar an eolas	<input type="checkbox"/> Lean an prótacal do chásanna tinnis le linn an champa	<input type="checkbox"/> Déan cinnte an áit atá leagtha amach do chás tinnis a ghlanadh & a dhíghalrú tar éis úsáide. Fan 24 uair an chlog más féidir
<input type="checkbox"/> Déan cinnte go mbeidh gach cinnire ar an eolas faoin bprótacal atá le leanacht i gcás tinnis (féach Prótacal & Coinníollacha 2021)	<input type="checkbox"/> Cur an tuismitheoir / caomhnóir ar an eolas chomh luath agus is féidir má theastaíonn seo	<input type="checkbox"/> Bí cinnte go n-úsáidfidh an té atá ag ag glanadh na háite ábhar cosanta pearsanta (PPE)
<input type="checkbox"/> Déan cinnte go mbeidh gach cinnire ar an eolas faoin bprótacal le leanacht i gcás gortaithe / timpiste (féach Prótacal & Coinníollacha 2021)	<input type="checkbox"/> Má chaithfear páiste a thabhairt chuig ionad sláinte nó ospidéal, lean an prótacal atá leagtha amach do seo (féach Prótacal & Coinníollacha 2021)	<input type="checkbox"/> Más gá na húdaráis sláinte a chur ar an eolas de réir rialacha sláinte poiblí, déan cinnte go ndéanfar sin
<input type="checkbox"/> Déan cinnte go mbeidh gach tuismitheoir / caomhnóir ar an eolas faoin bprótacal atá le leanacht acusan i gcás a pháiste a bheith tinn nó gortaithe le linn an champa (féach Prótacal & Coinníollacha 2021)	<input type="checkbox"/> Má éiríonn cinnire tinn / gortaithe le linn an champa, lean an prótacal atá leagtha amach do seo (féach Prótacal & Coinníollacha 2021)	<input type="checkbox"/> Más gá tuismitheoirí / caomhnóirí na bpáistí eile a chur ar an eolas faoi chás tinnis ar an gcampa, déan cinnte go ndéanfar sin

Aon ní ábharach eile: <hr/>	Aon ní ábharach eile: <hr/>	Aon ní ábharach eile: <hr/>